# Cineálacha  Seánraí; Aidhm, Struchtúr agus Comharthaí Sóirt

| Cineál | Aidhm an phíosa - Cé dó ar scríobhadh an píosa? | Struchtúr | Comharthaí´ Sóirt (na critéir ratha) |
|---|---|---|---|
| Insint | Athinsint ar imeachtaí chun eolas a thabhairt nó mar spraoi. Tuairimí a nochtadh. Sonraí pearsanta a thabhairt. Ag rá gur cuimhin leat rud, duine nó áit éigin.  Ag cur mothúcháin in iúl | Suíomh a chruthú. Imeachtaí de réir ama. Tuairim phearsanta. Ráiteas scoir. | Aimsir chaite<br>Ord cróineolaíoch Ainmfhocail chun daoine, ainmhithe, daoine a aithint Gníomhbhriathra |
| Tuairisc | Cur síos a dhéanamh ar chúrsaí – cúrsaí reatha, cúrsaí cultúrtha etc.<br>Ag tabhairt eolais<br>Cur síos a chur in iúl. | Réamhrá<br>Cur síos ar na sonraí Achoimre | Aimsir Láithreach<br>Ní bhíonn ord cróineolaíoch Friotal neamhphearsanta<br>Friotal teicniúil uaireanta Pointe faoi leith i ngach alt |
| Treoir | Cur síos ar conas tabhairt faoi rud éigin – na céimeanna;  Cinnteacht a chur in iúl;<br>Eolas a thabhairt | An cuspóir atá le baint amach.<br>Ábhair a bheidh riachtanach chun an tasc a chur i gcrích. Na céimeanna a bheidh le leanúint (léaráidí tugtha uaireanta) | Aimsir láithreach nó modh ordaitheach<br>Ord cróineolaíoch<br>Foclóir faoi leith Gníomhbhriathra |
| Míniú | Míniú a thabhairt ar conas a oibríonn/ fheidhmíonn rudaí. Deimhniú a dhéanamh | Ráiteas faoi cad a bheidh le míniú<br>Na céimeanna ag cur in iúl conas nó cén fáth go bhfuil rud mar atá.<br>Ráiteas scoir uaireanta. | Aimsir láithreach;   Saorbhriathar<br>Nathanna mar: ansin, ina dhiaidh sin, tar éis, mar, mar sin, dá bhrí sin...<br>Friotal teicniúil;  Gníomhbhriatha |
| Áititheach | Dearcadh nó pointe faoi leith a chur chun tosaigh<br>Iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh<br>Éileamh a dhéanamh/áitiú ar dhuine<br>Moladh a dhéanamh | Ráiteas tosaigh Na hargóintí & fianaise & samplaí Ráiteas tosaigh athráite | Aimsir láithreach;  Caint ghinearálta<br>Cónaisc loighciúla m.sh. mar, dá bhrí sin, ar an mbonn sin, dá thairbhe<br>Focail mheastóireachta mar 'tábhachtach', 'suntasach', 'luachmhar' |
| Plé | Dearcaidh & argóintí difriúla a thabhairt agus glacadh le ceann amháin ag an deireadh Seasamh a thógáil nó taobh a ghlacadh<br>Tuairimí a nochtadh Rogha a chur in iúl | Ráiteas tosaigh ag tagairt do na príomhargóintí. Argóintí ar son + fianaise<br>Argóintí in aghaidh + fianaise<br>Moltaí ag an deireadh/seasamh a thógáil | Aimsir láithreach<br>Caint ghinearálta<br>Cónaisc loighciúla m.sh. mar, dá bhrí sin, ar an mbonn sin, dá thairbhe, cibé ar bith, cé is moite... |